**Pobalscoil Chorca Dhuibhne**

21 Bealtaine 2021

A thuismitheoir,

Beatha agus sláinte chugat.

Mar eolas daoibh, tá an NCCA ag obair ar chúrsa nua Gaeilge don Ardteist. Faoi mar is eol daoibh chuireadar cúrsa nua le chéile don Teastas Sóisearach atá á chur i bhfeidhm anois le dhá bhliain. Is cúrsa T1 (Teanga 1) atá ann agus ciallaíonn sé sin **cúrsa atá curtha in oiriúint do dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar Ghaelscoileanna**.

An plean atá ann ag an NCAA anois ná an córas T1 a chur i bhfeidhm ag leibhéal na hArdteiste chomh maith.

Tá go leor imní ardaithe mar gheall ar an gcóras sin don Ardteist ag daoine difriúla e.g. go mbeidh ualach an-trom ar an dalta gan aon aitheantas dá bharr agus nach bhfuil go leor béime á leagadh ar scileanna cainte, cuir i gcás.

Beidh seans ag tuismitheoirí bualadh leis an NCCA ar líne chun an rud ar fad a phlé **Dé Céadaoin 26 Bealtaine 6.30pm-8.30pm.** Féach an póstaer atá ceangailte agus is féidir clárú ag an nasc thíos. Mar thagairt duit tá nasc thíos do shonraíocht an chúrsa T1 chomh maith.

Bheadh sé go hiontach dá mbeadh sibh ar fáil chun freastal ar an gcruinniú.

*For your information the NCCA are currently working on a new Irish curriculum for the Leaving Certificate. As you know they have already reformed the Junior Cycle course, and the new course is now two years into its implementation.* ***This is an L1 course (Language 1) which is a course that is for students attending Gaeltacht and all Irish schools.***

*The NCCA are now also planning on introducing the L1 course at Leaving Certificate. Some concerns have been raised with regard to the L1 course, that the increased workload on students without any special recognition is unfair and that not enough emphasis is being put on the spoken language, for example.*

*Parents will have an opportunity to meet with the NCCA on line to discuss this on Wednesday May 26th from 630pm to 830pm. For details see the attached poster and you can register at the link below. There is also a link to the specifications of the L1 course, for your reference.*

*It would be great if you could attend the meeting and raise any of your concerns.*

Le buíochas,

Éamonn Mac Muiris
Príomhoide

**Nasc chun clárú:**

**https://www.surveymonkey.com/r/ArdteistT1**

**Nasc chuig an tsonraíocht Gaeilge T1:**

As Gaeilge:

https://ncca.ie/ga/an-tsraith-shinsearach/ábhair-agus-creata-faoi-fhorbairt/gaeilge/comhairliúchán-ar-dhréachtsonraíocht-ghaeilge-na-hardteistiméireachta-t1/

As Béarla:

https://ncca.ie/en/senior-cycle/curriculum-developments/gaeilge/leaving-certificate-irish-l1-consultation/